**20 phointe POBAL maidir le Straitéis Dréachta na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú**

**Fís, Aidhmeanna, Cuspóirí agus Páirtithe Leasmhara**

1. Fáiltítear roimh fhoilsiú na cáipéise chomhairliúcháin mar chéim i dtreo chomhlíonadh Acht Cill Rimhinn 2006, ina deir sé, 'glacfaidh an Feidhmeannas le straitéis le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú'.
2. Aontaíonn muid gur chóir straitéis don Ghaeilge a fhorbairt léi féin agus gan an Ghaeilge a bheith ceangailte le hAlbainis Uladh mar go bhfuil riachtanais ar leith ar an Ghaeilge.
3. Mar aidhm agus cuspóir, ba chóir don straitéis cuidigh le deireadh a chur le haon idirdhealú, eisiamh, srianadh nó tosaíocht éagórach a bhaineann le húsáid na Gaeilge agus ar cuspóir leis cothabháil nó forbairt na teanga a dímholadh nó a chur i gcontúirt. Níl bealach córasach leagtha amach sa straitéis dréachta leis seo a dhéanamh is bearna mór é seo.
4. Aithnítear go bhfuil luach leis an obair chun an teanga a chur chun cinn ar bhonn tras-phoblach, ach caithfidh an Straitéis tús áit a thabhairt do riachtanais agus do chearta phobal na Gaeilge.
5. Go ginearálta, cé go bhfuil cuid mhaith atá dearfach sa cháipéis, tá géarghá le spriocanna cinnte, le targaidí intomhaiste, le hamscála réadúla, soiléire agus le tuilleadh eolais faoi acmhainniú na straitéise.
6. Maidir leis na páirtithe leasmhara, aontaíonn muid leis na pointí atá déanta. Níl earnáil dheonach na Gaeilge ná pobal na Gaeilge féin luaite áfach, agus is cúis imní dúinn é seo. Fáiltítear roimh aitheantas ar thábhacht earnáil dheonach na Gaeilge ar leathanach 28 na cáipéise. Ba chóir faoin straitéis, bunmhaoiniú ráithe a chinntiú don earnáil ó thuaidh le hinfreastruchtúr na teanga a neartú agus le forbairt na Gaeilge a chur chun cinn faoi chúinsí ar leith an dlínse seo.  Chomh maith le hacmhainní agus tacaíocht cuí a chur ar fáil do na heagrais Gaeilge ó thuaidh, caithfear próiseas leanúnach a shonrú i dtaca le hionchur na n-eagrais agus ionchur an phobail a spreagadh is a éascú i bhforbairt na straitéise de réir riachtanais thar tréimhse ama.

**Oideachas**

7. Maidir le hoideachas, ní théann na moltaí mórán níos faide chun tosaigh ná a bhfuil ann faoi láthair. Caithfear cearta an tuismitheora agus cearta an pháiste i leith oideachas Gaeilge agus i láith foghlaim na teanga a fhíorú trí cur chuige straitéiseach comhtháite a chlúdaíonn gach ghné – Sainriachtanais Oideachais; taisteal, traenáil, áiseanna, curaclaim srl. Ba chóir moltaí a bhunú de réir dhoiciméad POBAL, *Acht na Gaeilge TÉ: Eisiúint 2.*
8. Caithfidh an RO a cuid dualgais i leith na Gaelscolaíochta a aithint ina iomlán agus gníomh dá réir.  Caithfear aitheantas agus acmhainní a sholáthar do na saineagrais Gaeilge a chuireann seirbhísí ar fáil. Caithfear císte margaíochta don Ghaelscolaíocht a bhunú.

9. Maidir le teagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla, oideachas Fad tSaoil, Oideachas tríú leibhéal uilig san áireamh, caithfear freastail ar riachtanais na teanga agus an phobail. Caithfear moltaí mionsonracha agus áiseanna cuí a chur ar fáil. Molann muid moltaí POBAL agus an Ghrúpa Oibre, sa doiciméad *Creat Straitéiseach don Ghaeilge*, agus moltaí POBAL sa doiciméad, *Acht na Gaeilge TÉ: Eisiúint 2.*

**Riarachán, Seirbhísí agus Cúrsaí Pobail**

10. Fáiltíonn muid roimh na moltaí sa rannóg seo, ach léiríonn cuid mhaith do na moltaí (míreanna 4.6.1 – 4.6.5, agus i míreanna 4.6.7 – 4.6.9) freagrachtaí atá ann ceanna féin faoi Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus ba chóir do straitéis bogadh níos faide chun tosaigh. Tá nasc nádúrtha idir 4.6.11, maidir le turasóireacht agus tionscnaimh cultúrtha agus forbairt eacnamaíochta agus ba chóir moltaí mionsonraithe a fhorbairt ar na gnéithe seo.
11. Mar a luaitear ag pointe 6 thuas, níl maoiniú ná tacaíocht d'earnáil bunmhaoinithe na Gaeilge luaite sa straitéis dréachta. Tá tábhacht leis an obair logánta, ach caithfear infreastruchtúr na Gaeilge a neartú. Tá acmhainní agus tacaíocht de dhíth do na heagrais bunmhaoinithe, agus deis iad siúd a leagan amach sa cháipéis.
12. Maidir le pleanáil áitiúil, leagtar béim agus freagrach ar phobal na Gaeilge agus ar oibrithe deonacha amháin. Níl seirbhísí stáit na freagrachtaí stáit luaite agus is laige mór é seo. Beidh abhcóideacht láidir agus comhordú cuí de dhíth ó eagras (nó eagrais) san earnáil dheonach Gaeilge a bhfuil saineolas agus saintaithí aige(acu). Fáiltítear roimh aitheantas ar an mhór obair atá ar siúl ag pobal na Gaeilge fud fad an tuaiscirt ach níor chóir tacaíocht a theorannú go ceantracha ar leith. Caithfear freastail ar phobal na Gaeilge cibé áit a bhfuil sé. Is iomaí gréasán agus 'póca' de Ghaeil atá ann. Chomh maith, bíonn gréasáin éagsúla de Ghaeil i dteagmháil trí bhealaí éagsúla, agus bheadh buntáistí le radharc níos leithne ná an radharc ar bhonn tíreolaíochta amháin.

**Na Meáin agus Teicneolaíocht**

13. Aontaíonn muid leis na moltaí seo, ach caithfear dualgais reachtaíochta a chur ar chraoltóirí le seirbhís ceart Gaeilge a chur ar fáil. Molann muid moltaí POBAL agus an Ghrúpa Oibre, sa doiciméad Creat Straitéiseach don Ghaeilge, agus moltaí POBAL sa doiciméad, *Acht na Gaeilge TÉ : Eisiúint 2.*

**Reachtaíocht agus Stádas na Teanga**

14. Aontaíonn muid leis na moltaí maidir le reachtaíocht, ach mar a luaitear ag pointe 3, caithfear deireadh a chur le haon idirdhealú, eisiamh nó srianadh a bhaineann le húsáid na Gaeilge, agus ní thugann an straitéis dréacht faoi seo ar bhonn córasach.
15. Creideann muid gur chóir don rannóg seo a bheith níos láidre cinnte. Mar shampla, aontaíonn muid gur chóir Acht 1737 Riar na Córa (Teanga)(Éirinn) a aisghairm, ach ba chóir sprioc dháta a lua, chomh maith le beartais dearfacha le húsáid na Gaeilge sna cúirteanna a chur chun cinn. Maidir le comharthaíocht, is iomaí constaic atá ar chomharthaíocht Gaeilge ag an am I láthair, agus caithfear tabhairt faoi na constaicí seo go córasach. Cé go bhfáiltíonn muid roimhe, ní leor an tagairt ar chomharthaíocht i mír 4.6.10.

16. Mar sin, cuirtear fearadh na fáilte roimh an tagairt sa cháipéis ar Bhille na Gaeilge TÉ, agus moltar gur chóir a shonrú sa straitéis gur cheart an Bhille a bhunú ar mholtaí comhaontaithe POBAL in *Acht na Gaeilge TÉ Eisiúint 2* a chuimsíonn líon agus raon suntasach de chearta ráthaithe sna forais pholaitiúla, sna húdaráis áitiúla, i riar na córa, sna seirbhísí poiblí agus i réimsí na fostaíochta, an oideachais agus na meán cumarsáide. Ní mór don Bhille cur síos a dhéanamh ar na seirbhísí Gaeilge is éigean don rialtas agus d'fhorais phoiblí a sholáthar agus ar an achar ama a bhainfidh sé astu na seirbhísí seo a chur i bhfeidhm. Sa straitéis, ba chóir go raibh sprioc am luaite le teacht isteach Acht na Gaeilge.

**Saol Eacnamaíochta**

17. Ba chóir don straitéis díriú níos mó ar na meáin, ar thurasóireacht Ghaeilge agus ar fhiontraíocht Gaeilge a chothú agus a fhorbairt. Caithfear poist le Gaeilge a chruthú le buntáiste na Gaeilge a thaispeáint agus a fhíorú.

**Feidhmiú, Monatóireacht agus Tuairisciú**

18. Níl achar ama na straitéise soiléir agus níl sé soiléir go mbeidh feidhmeannaigh le Gaeilge agus le saineolas cuí ag stiúradh an Aonaid Straitéise atá luaite. Ba chóir go raibh meicníocht ann le hionchur an phobail i bhforbairt na straitéise a éascú agus a neartú.
19. Fáiltítear roimh ráitis na cáipéise maidir le scóip agus impleachtaí leathan na straitéise, ach níl eolas cuí sa cháipéis faoi phróiseas forfheidhmithe na straitéise. Cé go luaitear próiseas athbhreithnithe, níl aon mionsonraí leagtha síos. Mar sin, ní féidir a thomhas cé acu an próiseas dearfach a bheidh ann nó nach mbeidh.

**Measúnacht Tionchair Chomhionannais**

20. Fáiltítear roimh ráiteas na Roinne sa Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais, nach mbeidh aon drochthionchar ná tionchar leatromach ar bith le Straitéis don Ghaeilge per se, agus gur féidir dea-chaidreamh a fheabhsú trí Straitéis don Ghaeilge a thabhairt isteach agus an Ghaeilge a bheith ar fáil ar bhonn níos leithne do gach cuid den phobal.